RÚN (AE) 2022/1801 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach, (A9-0090/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 158 619 073 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 12,00 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur as buiséad an Aontais go príomha a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurb é an toradh a bhí ar iarrachtaí maidir le faireachán buiséid le linn na bliana airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséid 99,44 %, arb ionann é agus méadú 0,02 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gurbh é an ráta forghníomhaithe leithreasuithe íocaíochta 85,09 %, ag léiriú laghdú 1,52 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh an Ghníomhaireacht déanach agus 33 % dá cuid íocaíochtaí á ndéanamh aici agus, mar thoradh air sin, gur íoc sí ús dar luach EUR 12 000; ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt leibhéil chomhchosúla mhoille faoi deara in 2019, in 2018 agus in 2017, a dhéanann an Ghníomhaireacht a nochtadh do rioscaí airgeadais agus clú; á mheabhrú go luaitear sa Rialachán Airgeadais nach mór do chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais íocaíochtaí a dhéanamh laistigh d'amlínte forordaithe, agus go dtugann an Chúirt dá haire gur mhainnigh an Ghníomhaireacht amhlaidh a dhéanamh; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, ina freagra ar bharúil na Cúirte, a luaigh an Ghníomhaireacht saincheisteanna foirne, paindéim COVID-19 agus riaráiste sonrasc le haghaidh seirbhísí taistil; ag tabhairt dá haire nach dtéann freagra na Gníomhaireachta i ngleic le cineál struchtúrach íocaíochtaí déanacha agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar a próiseas íocaíochta chun a shainaithint cén áit a dtionscnaítear na moilleanna agus a hiarrachtaí a mhéadú maidir le híocaíochtaí a dhéanamh laistigh de théarmaí forordaithe chun deireadh a chur leis na laigí sin;

Feidhmíocht

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir le tacú le himscrúduithe coiriúla na mBallstát, agus maidir le cosc, freagairt agus comhrac na sceimhlitheoireachta, na cibearchoireachta, coireanna in aghaidh leas airgeadais an Aontais agus cineálacha eile coireachta tromchúisí agus eagraithe ar fud an Aontais;

4. á thabhairt chun suntais gur tháinig méadú ar líon na n-oibríochtaí ó 1 921 in 2019 go 2 315 in 2020 (méadú is ionann agus 24 %) agus gur tháinig laghdú ar chruinnithe oibríochtúla a mhaoinigh an Ghníomhaireacht ó níos mó ná 500 in 2019 go 280 in 2020 (laghdú is ionann agus 44 %), rud a leagann béim ar thionchar COVID-19 ar obair na Gníomhaireachta;

5. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh an Lárionad Eorpach um Choireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta trí chúnamh oibríochtúil agus straitéiseach a sholáthar agus Saotharlann Nuálaíochta Europol a chruthú;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 158.

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go n-úsáideann an Ghníomhaireacht bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar an luach breise arna soláthar lena gníomhaíochtaí agus bearta eile chun a bainistiú buiséid a fheabhsú; ag tabhairt dá haire gur chuíchóirigh an Ghníomhaireacht in 2020 na táscairí ina clár oibre agus go ndearna sí faireachán ar 43 tháscaire feidhmíochta chorparáideacha san iomlán agus spriocanna aonair leagtha amach do gach ceann acu, amhail cur chun feidhme gealltanas atá le tabhairt ar aghaidh, rátaí íocaíochta agus leithreasuithe faoi chomhair gealltanas;

7. ag tabhairt dá haire go bhféachann an Ghníomhaireacht le dlúthchomhar a bhaint amach le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun leasanna slándála shaoránaigh uile an Aontais a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur chomhoibrigh an Ghníomhaireacht le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) i gcomhthéacs an tionscadail SIRIUS ó thús deireadh 2020; ag tabhairt dá haire gur thacaigh saineolaithe ceimice, bitheolaíochta, raideolaíochta, núicléacha agus pléascán go gníomhach leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), amhail trí chomhdhálacha, seimineáir, seimineáir ghréasáin agus cleachtaí eile; ag tabhairt dá haire freisin gur shínigh an Ghníomhaireacht socrú oibre leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) an 8 Deireadh Fómhair 2020;

8. ag tabhairt dá haire gur chinn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) fiosrúchán féintionscnaimh a oscailt an 30 Aibreán 2019, tar éis don Ghníomhaireacht treoir a iarraidh go réamhghníomhach air maidir leis an úsáid a bhaineann an Ghníomhaireacht as anailísíocht mórshonraí ("catagóiriú ábhar sonraí") chun críoch anailíse straitéisí agus oibríochtúla (cás MECS 2019-0370); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil sé de chúram ar MECS ón 1 Bealtaine 2017 i leith, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 ([2]), maoirseacht a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta a dhéanann an Ghníomhaireacht; ag tabhairt dá haire gur thug MECS achasán don Ghníomhaireacht i Meán Fómhair 2020, i gcomhthéacs a fhiosrúcháin, i bhfianaise na rioscaí d'ábhair sonraí i ngeall ar an easpa cosaintí sonracha íoslaghdaithe sonraí chun tacair mhóra sonraí a anailísiú; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé go mbeadh riosca do chearta daoine aonair maidir le cosaint sonraí a bheith ag baint le méideanna móra sonraí a bheith á stóráil go leanúnach gan ábhair sonraí a bheith aicmithe, i gcás nach féidir nasc féideartha le gníomhaíocht choiriúil a shuí go dtí go dtosófar ar an anailís; ag tabhairt dá haire go ndeachaigh MECS i mbun idirphlé leis an nGníomhaireacht faoin ábhar sin, agus gur ullmhaigh an Ghníomhaireacht plean gníomhaíochta tiomnaithe; ag tabhairt dá haire gur tugadh aghaidh sa phlean gníomhaíochta ar na hábhair imní a bhí ag MECS i ndáil leis an athbhreithniú sonraí is gá maidir le stóráil cainníochtaí móra sonraí daoine aonair nár suíodh aon nasc le gníomhaíocht choiriúil ina leith, ach á thabhairt chun suntais gur ábhar imní do MECS nach bhfuil uastréimhse sa chreat dlíthiúil reatha maidir leis an bhfad a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí sórt sin a phróiseáil; á thabhairt chun suntais gur stóráil an Ghníomhaireacht lear mór sonraí maidir le daoine aonair nár suíodh aon nasc le gníomhaíocht choiriúil ina leith agus gur choinneáil an Ghníomhaireacht na sonraí sin níos faide ná ba ghá, rud atá contrártha do phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus an teorannaithe stórála a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2016/794; ag tabhairt dá haire gur eisigh MECS cinneadh an 3 Eanáir 2022, inar tugadh 12 mhí don Ghníomhaireacht tosú ar na tacair sonraí nach raibh aon aicmiú déanta ar ábhair sonraí iontu agus a bhí ina seilbh aici ar lá an chinnidh sin a scriosadh, agus inar tugadh 6 mhí di chun tacair sonraí nua den sórt sin a scriosadh ó dháta a bhfála; ag tabhairt dá haire go mbeidh tionchar ag cinneadh MECS ar chumas na Gníomhaireachta anailís a dhéanamh ar thacair chasta agus mhóra sonraí chun tacú le himscrúduithe coiriúla atá ar bun agus a bhaineann le coireanna a thagann faoi raon feidhme shainordú na Gníomhaireachta, ós rud é gur minic a bhíonn tréimhse is faide ná 6 mhí i gceist le tacaíocht na Gníomhaireachta agus gur cheart don Ghníomhaireacht dlí ábhartha an Aontais a chomhlíonadh i gcónaí;

9. ag tabhairt dá haire, maidir leis an gcomhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air i mí Feabhra 2022 i ndáil le sainordú treisithe na Gníomhaireachta, go dtugtar aghaidh ann ar na hábhair imní a bhí ag MECS trí na coinníollacha maidir le próiseáil agus tréimhsí stórála i gcás tacair mhóra agus chasta sonraí a bhunú; ag tabhairt dá haire gur thug MECS le fios go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht, a bhuí leis an reachtaíocht nua lena rialófar í, sonraí a phróiseáil gan aon nasc le gníomhaíocht choiriúil a bheith suite ina leith; á mheas, i bhfianaise a chasta atá an comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac, go bhfuil bonn cirt le heisceachtaí a mheastar go cuí; á chur i bhfáth gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir oibríochtaí éifeachtacha póilíneachta agus cosaint cheart na saoránach chun príobháideachais agus gur chuir ord MECS in iúl go raibh imní air an raibh an chothromaíocht cheart á baint amach ag an nGníomhaireacht; á iarraidh ar an nGníomhaireacht ábhair imní MECS a chur san áireamh trí dhul chun cinn pras a dhéanamh maidir le haicmiú na n-ábhar sonraí agus le hurraim a thabhairt do na teorainneacha stórála arna mbunú go dlíthiúil, agus, ar an gcaoi sin, prionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus an teorannaithe stórála á gcomhlíonadh, agus acmhainneacht oibríochtúil na Gníomhaireachta a áirithiú agus a caomhnú san am céanna; ag dréim leis go gcomhlíonfaidh an Ghníomhaireacht a hoibleagáid dhlíthiúil faisnéis a sholáthar don Pharlaimint gach bliain maidir le líon na gcásanna inar bhain sí leas as na féidearthachtaí dlíthiúla maidir le próiseáil a dhéanamh ar shonraí daoine aonair nár bunaíodh aon nasc le gníomhaíocht choiriúil ina leith, mar aon le faisnéis maidir le fad agus toradh na próiseála sin;

([2]) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Beartas foirne

10. ag tabhairt dá haire go raibh plean bunaíochta na Gníomhaireachta curtha chun feidhme ag ráta 93,50 % an 31 Nollaig 2020, agus 575 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 615 ghníomhaire shealadacha a bhí údaraithe faoin bplean bunaíochta (i gcomparáid le 591 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, sa bhreis air sin, go raibh 203 ghníomhaire ar conradh agus 53 saineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2020, agus go raibh 235 ghníomhaire ar conradh agus as 71 shaineolaí náisiúnta ar iasacht údaraithe faoin bplean bunaíochta; ag tabhairt dá haire go ndifreálann an Ghníomhaireacht idir catagóirí saineolaithe náisiúnta ar iasacht, agus trí chatagóir ann nach dtabhaíonn aon chostais nó a iompraíonn costais theoranta do bhuiséad na Gníomhaireachta agus arb ionann iad agus 53 dhuine eile, ag tabhairt líon iomlán na saineolaithe náisiúnta ar iasacht go 106;

11. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le leibhéil leordhóthanacha foirne chun freastal ar an méadú leanúnach ar an ualach oibre agus ar an éileamh a dhéanann údaráis na mBallstát; ag tabhairt dá haire gur méadaíodh plean bunaíochta na Gníomhaireachta le 14 phost do ghníomhairí sealadacha; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun idirphlé gníomhach leis an nGníomhaireacht chun riachtanais fhadtéarmacha acmhainní daonna na Gníomhaireachta a thuiscint agus a chomhlíonadh;

12. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de thoradh plean gníomhaíochta don eagraíocht ina hiomláine, a chríochnaigh an Ghníomhaireacht 2020 le ráta folúntas 1,0 % i gcoinne na sprice bliantúla, is é sin uasráta folúntas 2,0 %; ag tabhairt dá haire gur bhain an Ghníomhaireacht amach freisin an sprioc maidir le huasráta iomlaoide (12 %), agus iomlaoid foirne ag ráta 10,9 % ann ag deireadh 2020; ag tabhairt dá haire freisin go ndéanann an Ghníomhaireacht faireachán rialta ar na táscairí sin de réir spriocanna bliantúla;

13. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tuairiscíodh, i gcás an dáilte inscne do 2020, gurbh fhir iad 82,8 % de lucht na hardbhainistíochta agus na meánbhainistíochta (149 bhfear agus 31 bhean), gurbh fhir iad 79,2 % de chomhaltaí an bhoird bainistíochta (42 fhear agus 11 bhean) agus gurbh fhir iad 71,8 % den fhoireann fhoriomlán (413 fhear agus 162 bhean); ag tabhairt dá haire gurb iad údaráis na mBallstát a cheapann comhaltaí an bhoird bainistíochta; á aithint gur cheann de cholúin straitéiseacha na Gníomhaireachta í an éagsúlacht; á chur in iúl gur geal léi tiomantas na Gníomhaireachta don dáileadh inscne a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh a foirne, go háirithe i bpoist bhainistíochta; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú in 2020 ar líon na mball foirne ar mná iad ar leibhéal an chinn aonaid agus i bpoist choibhéiseacha nó níos airde; ag spreagadh na Gníomhaireachta leanúint den treocht dhearfach sin, agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht dáileadh níos cothroime inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta agus ar leibhéal na foirne amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a chur san áireamh ar bhealach níos fearr nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta; á mheabhrú don Ghníomhaireacht go bhfuil tábhacht ag roinnt le hinniúlacht, eolas agus taithí, agus freisin le cothromaíocht gheografach agus inscne i measc baill foirne, agus iarrthóirí á roghnú;

14. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht cás amháin de chaidreamh oibre coinbhleachtúil in 2020, ar cinneadh ina leith gurbh ionann é agus ciapadh síceolaíoch faoi Airteagal 12a de na Rialacháin Foirne; ag tabhairt dá haire go ndearnadh iomardú ar an mball foirne a rinne an ciapadh síceolaíoch faoi Airteagal 9(1), pointe (b), agus faoi Airteagal 11 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i mí na Nollag 2020; ag tabhairt dá haire go raibh an ball foirne sin imithe ón nGníomhaireacht faoin am sin; ag tabhairt dá haire freisin nár tugadh aon chás ciaptha a bhain le foireann na Gníomhaireachta os comhair cúirte in 2020;

15. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh líon iomlán na n-oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón nGníomhaíocht faoi 24 % in 2020; ag tabhairt dá haire go gcomhfhreagraíonn méadú iomlán ghníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta le maoirseacht ardaithe ag MECS, mar a léirítear sa líon moltaí a chuir MECS ar fáil i réimsí éagsúla gnó de thoradh fiosruithe, roimh nósanna imeachta comhairliúcháin faoi Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2016/794 agus gníomhaíochtaí leantacha ar chigireachtaí;

Soláthar poiblí

16. ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht síneadh le fad creatchonartha amháin, a bhain le soláthar seirbhísí taistil gnó, trí leasú air a shíniú tar éis dó dul in éag in 2018; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, gur chinn an Chúirt go raibh an cleachtas sin neamhrialta; ag tabhairt dá haire gur shínigh an Ghníomhaireacht leasú eile ar an gconradh céanna sin an 29 Márta 2019, a léirigh laige i mbainistiú conartha agus i rialuithe *ex ante*; ag tabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht freagra go raibh a cinneadh an conradh a shíneadh in 2019 mar thoradh ar mheasúnú críochnúil chun leanúnachas gnó a chaomhnú agus nárbh ionann é agus laige i rialuithe *ex ante*; á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Ghníomhaireacht tús le hiniúchadh inmheánach sa cheathrú ráithe de 2020 d'fhonn dearbhú breise a fháil ar chur chuige bainistithe conarthaí na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire freisin go ndeachaigh an conradh seirbhísí taistil gaolmhar in éag i Márta 2020;

17. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, le haghaidh soláthar troscán, gabhálas agus seirbhísí gaolmhara, nach raibh na téarmaí a d'úsáid an Ghníomhaireacht sna doiciméid le haghaidh an ghlao ar thairiscintí sonrach go leor, agus an bonn á bhaint dá chionn sin ó nádúr iomaíoch an nós imeachta tairisceana; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár sheiceáil an Ghníomhaireacht go leordhóthanach cruinneas na mbunphraghsanna ná ríomh na lascainí a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh na nithe neamhchaighdeánacha sular thíolaic sí an fhoirm ordaithe don chonraitheoir; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a áirithiú go ndéantar prionsabail dhlí na hiomaíochta a chomhlíonadh go hiomlán i ngach nós imeachta tairisceana; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, i gcomhréir le freagra na Gníomhaireachta, a bhí ábhar an tsoláthair agus na critéir is infheidhme eisiaimh, roghnúcháin agus dhámhachtana san áireamh sa doiciméadacht, agus lamháil déanta dá réir le haghaidh iomaíochta, agus ag tabhairt dá haire, maidir leis an lascaine a thug an conraitheoir, gur thairg an conraitheoir lascaine a bhí níos mó ná an ráta caighdeánach a bhí sa chonradh agus gur ghníomhaigh an Ghníomhaireacht dá réir sin i gcomhlíonadh phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus i gcomhréir le forálacha an chonartha;

18. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Ghníomhaireacht moltaí na Cúirte a chur chun feidhme i gceart maidir leis an tairseach íosta do chritéar na dámhachtana teicniúla is ábhartha don cháilíocht, agus maidir leis na seiceálacha ar chruinneas na mbunphraghsanna agus ríomh na lascainí a chuirtear i bhfeidhm ar na hítimí neamhchaighdeánacha;

Cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus trédhearcacht

19. ag tabhairt dá haire gur ann do bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun an trédhearcacht a thabhairt i gcrích, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a rialú, cosaint a thabhairt do sceithirí, agus ciapadh a chomhrac; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh cás ar bith de choinbhleacht leasa in 2020, a mbeadh de thoradh air imscrúduithe ag seirbhís inmheánach imscrúduithe na Gníomhaireachta;

20. á chur in iúl gur geal léi go bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí a bhoird bainistíochta, a stiúrthóra feidhmiúcháin agus a leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin;

Rialú inmheánach

21. ag tabhairt dá haire gur chuir an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach sa Choimisiún a hiniúchadh ar Shlándáil TF na Gníomhaireachta i gcrích agus go ndearna sí réamhobair a hiniúchóireachta ar bhainistiú conarthaí in 2020; ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht chun feidhme 86 % de na moltaí criticiúla nó an-tábhachtach a raibh sé beartaithe iad a chur chun feidhme le linn 2020;

22. ag meabhrú bharúlacha na Cúirte maidir le síneadh a chur le creatchonradh le haghaidh soláthar seirbhísí taistil gnó; ag tabhairt faoi deara gurb ionann an cinneadh sin agus laige i nósanna imeachta soláthair na Gníomhaireachta a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar chóras inmheánach rialaithe na Gníomhaireachta nó ar chodanna de; á iarraidh ar an nGníomhaireacht barúlacha na Cúirte a chur san áireamh faoi chuimsiú an mheasúnaithe bhliantúil ar an gcreat um rialú inmheánach;

23. ag tabhairt dá haire gurbh ann do chomhchodanna chreat na Gníomhaireachta um rialú inmheánach agus go raibh siad ag feidhmiú ar bhealach comhtháite ar fud na Gníomhaireachta agus gur laghdaíodh leis an gcóras um rialú inmheánach go héifeachtach, go leibhéal inghlactha, an riosca nach mbainfear amach cuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla na Gníomhaireachta maidir le hoibríochtaí, tuairisciú agus comhlíonadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht barúlacha na Cúirte a chur san áireamh ina mheasúnú bliantúil, go háirithe na barúlacha maidir le bainistiú conarthaí agus íocaíochtaí déanacha;

Freagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

24. ag tabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht freagairt phras ar ráig COVID-19 agus gur chuir sí chun feidhme roinnt gníomhaíochtaí nua chun an ghéarchéim a bhainistiú lena laghad tionchair ar obair na Gníomhaireachta agus is féidir, agus an tsláinte agus an tsábháilteacht ina gcéad tosaíocht i gcónaí aici; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh tionchar díreach ag paindéim COVID-19 ar iarrachtaí na Gníomhaireachta roinnt gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus spriocanna chlár oibre 2020 a bhaint amach, go háirithe iad siúd a bhaineann le láithreacht fhisiciúil ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta, amhail cruinnithe oibríochtúla agus cruinnithe eile imscrúdaitheoirí agus anailísithe, agus le nósanna imeachta riaracháin nach bhfuil bunaithe ar shreabhadh oibre leictreonach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht nósanna imeachta riaracháin a dhigitiú a mhéid is féidir;

25. á chur in iúl gur geal léi na bearta arna gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht chun éifeachtúlacht a chothabháil maidir le nósanna imeachta soláthair agus gníomhaíochtaí gaolmhara a bhainistiú, lena n-áirítear orduithe práinneacha a chur chun feidhme chun riachtanais eisceachtúla atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a chlúdach agus conarthaí éagsúla a leasú chun na rioscaí a bhaineann le paindéim COVID-19 a choigeartú;

26. ag tabhairt dá haire, tar éis na gceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, go bhfuil an Ghníomhaireacht ag forbairt roinnt beart chun an aimsir a sheasamh, amhail modhanna oibre díláraithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht físghlaonna slána agus uirlisí comhoibrithe a úsáid, teilea-obair (lena n-áirítear le ríomhairí glúine OpsNet slánaithe mar gheall ar chineál na bpróiseas faisnéise oibríochtúla) agus sreafaí oibre leictreonacha nuachóirithe;

Barúlacha eile

27. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinne an Ghníomhaireacht chun a cibearshlándáil a mhéadú; ag tabhairt dá haire, maidir leis na trí fheabhsú is tábhachtaí de chuid na Gníomhaireachta in 2020 ó thaobh cosaint dhigiteach, gur bhain siad le hacmhainneachtaí cianrochtana, le forbairt néalbhunaithe agus le cleachtais códaithe le haghaidh bogearraí foinse oscailte agus tríú páirtí;

28. ag tabhairt dá haire, ag dréim le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas an 31 Nollaig 2020, gur thug an Ghníomhaireacht faoi dhianobair agus faoi dhianullmhúcháin chun aistriú réidh a áirithiú, ag imirt tionchar ar fhéidearthachtaí le haghaidh comhoibriú oibríochtúil leanúnach leis an Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear malartú sonraí pearsanta, agus uirlisí agus córais oibríochtúla éagsúla a oiriúnú;

29. ag spreagadh na Gníomhaireachta leanúint dá cuid oibre, taighde agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun a hinfheictheacht phoiblí a mhéadú; ag tabhairt dá haire gur poiblíodh go leitheadach obair na Gníomhaireachta ar thionchar COVID-19 ar an gcoireacht agus ar an gcibearchoireacht in 2020, ag sroicheadh an phobail i gcoitinne trína cainéil féin agus trí chainéil tríú páirtí;

30. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an nGníomhaireacht chun straitéis chuimsitheach a chur i bhfeidhm don inbhuanaitheacht agus chun astaíochtaí CO_2 a laghdú, amhail cleachtais athchúrsála a fheabhsú agus fuinneamh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid; ag spreagadh na Gníomhaireachta a cuid dúshlán agus na ceachtanna a d'fhoghlaim sí sa chomhthéacs sin a chomhroinnt sa chomhthéacs le haghaidh urscaoileadh na chéad bhliana airgeadais eile agus laistigh de Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.